$f(2) < 0$  and  $f(2.5) > 0$ .  $\therefore$  tá an fhréamh idir 2 agus 2.5.

Dá bhrí sin, tá an fhréamh níos gaire do 2 ná mar atá sí do 3.

**(c) (iii) Foirmle + Difreáil  
Críoch**

**5 mharc****5 mharc**

**Iarr 2  
Iarr 2**

**7 (c) (iii)**

$$x_{n+1} = x_n - \frac{f(x_n)}{f'(x_n)}, \text{ áit } f(x) = x^3 - 3x^2 + 3x - 4 \text{ agus } f'(x) = 3x^2 - 6x + 3.$$

$$\text{Áine: } f(2) = -2 \text{ agus } f'(2) = 3. \quad x_2 = 2 - \frac{f(2)}{f'(2)} = 2 - \frac{-2}{3} = 2\frac{2}{3} = 2.666....$$

$$\text{Barra: } f(3) = 5 \text{ agus } f'(3) = 12. \quad x_2 = 3 - \frac{f(3)}{f'(3)} = 3 - \frac{5}{12} = 2\frac{7}{12} = 2.5833....$$

Tá an dá cheann seo os cionn na fréimhe, dá bhrí sin tá an ceann is ísle níos gaire (i.e. ceann Bharra).

**Botúin (-3)**

B1 Séana

B2 Déaduchtú mícheart ó  $f(2)$  agus  $f(3)$  nó gan aon déaduchtú a bheith annB3 Gan aon  $f(2.5)$  a bheith ann

B4 Foirmle Newton-Raphson

B5 Difreáil

B6 Déaduchtú mícheart nó gan aon déaduchtú ón obair in (iii)

# CEIST 8

<b>Cuid (a)</b>	<b>10 marc</b>	<b>Iarr 3</b>
<b>Cuid (b)</b>	<b>20 (5, 5, 5) marc</b>	<b>Iarr (2, 2, 2, 2)</b>
<b>Cuid (c)</b>	<b>20 (5, 5, 5, 5) marc</b>	<b>Iarr (2, 2, 2, 2)</b>

<b>Cuid (a)</b>	<b>10 marc</b>	<b>Iarr 3</b>
-----------------	----------------	---------------

**8(a)** Faigh  $\int \left( 6x + 3 + \frac{1}{x^2} \right) dx.$

**8(a)** 
$$\int \left( 6x + 3 + \frac{1}{x^2} \right) dx = 3x^2 + 3x - \frac{1}{x} + C.$$

*Botúin (-3)*

B1 Suimeáil

B2 Séana

B3 Gan aon c a bheith ann

*Iarrachtaí*

A1 Gan ach c a bheith ceart

*Gan fiúntas*

W1 Difreáil in ionad suimeála

<b>Cuid (b)</b>	<b>20 (5, 5, 5, 5) marc</b>	<b>Iarr (2, 2, 2, 2)</b>
-----------------	-----------------------------	--------------------------

**(b)** Luacháil (i)  $\int_{-\frac{\pi}{4}}^{\frac{\pi}{4}} \sin 3x \sin x \, dx$  (ii)  $\int_{\ln 3}^{\ln 8} e^x \sqrt{1 + e^x} \, dx.$

<b>Suimeáil</b>	<b>5 marc</b>	<b>Iarr 2</b>
<b>Luach</b>	<b>5 mharc</b>	<b>Iarr 2</b>

**8 (b) (i)**

$$\begin{aligned} \int_{-\frac{\pi}{4}}^{\frac{\pi}{4}} \sin 3x \sin x \, dx &= \frac{1}{2} \int_{-\frac{\pi}{4}}^{\frac{\pi}{4}} (\cos 2x - \cos 4x) \, dx = \frac{1}{2} \left[ \frac{1}{2} \sin 2x - \frac{1}{4} \sin 4x \right]_{-\frac{\pi}{4}}^{\frac{\pi}{4}} \\ &= \frac{1}{2} \left[ \left( \frac{1}{2} \sin \frac{\pi}{2} - \frac{1}{4} \sin \pi \right) - \left( \frac{1}{2} \sin \left( -\frac{\pi}{2} \right) - \frac{1}{4} \sin(-\pi) \right) \right] \\ &= \frac{1}{2} \left[ \left( \frac{1}{2} - 0 \right) - \left( -\frac{1}{2} - 0 \right) \right] = \frac{1}{2}. \end{aligned}$$

**8 (b) (ii)**

Bíodh  $u = 1 + e^x$ .  $\therefore du = e^x dx$ .

$$\int_{\ln 3}^{\ln 8} e^x \sqrt{1+e^x} dx = \int_{1+e^{\ln 3}}^{1+e^{\ln 8}} u^{\frac{1}{2}} du, \text{ ach } e^{\ln 8} = 8 \text{ agus } e^{\ln 3} = 3.$$

$$= \int_4^9 u^{\frac{1}{2}} du = \left[ \frac{2}{3} u^{\frac{3}{2}} \right]_4^9 = \frac{2}{3} [27 - 8] = \frac{38}{3}.$$

NÓ

**8 (b) (ii)**

Agus  $x$  teorainn in úsáid:

$$\begin{aligned} \int_{\ln 3}^{\ln 8} e^x \sqrt{1+e^x} dx &= \frac{2}{3} u^{\frac{3}{2}} \Big|_{x=\ln 3}^{x=\ln 8} \\ &= \frac{2}{3} (1+e^x)^{\frac{3}{2}} \Big|_{\ln 3}^{\ln 8} \\ &= \frac{2}{3} \left[ (1+e^{\ln 8})^{\frac{3}{2}} - (1+e^{\ln 3})^{\frac{3}{2}} \right] \\ &= \frac{2}{3} \left[ (9)^{\frac{3}{2}} - (4)^{\frac{3}{2}} \right] \\ &= \frac{2}{3} [27 - 8] = \frac{2}{3} (19) = \frac{38}{3} \end{aligned}$$

NÓ

**8 (b) (ii)**

$$\begin{aligned} \int_{\ln 3}^{\ln 8} e^x \sqrt{1+e^x} dx &\quad \text{Bíodh } u = e^x \\ &= \int \sqrt{1+e^x} \cdot e^x dx && \frac{du}{dx} = e^x \\ &= \int (1+u)^{\frac{1}{2}} du && du = e^x dx \\ &= \frac{2}{3} (1+u)^{\frac{3}{2}} \Big|_{x=\ln 3}^{x=\ln 8} \\ &= \frac{2}{3} (1+e^x)^{\frac{3}{2}} \Big|_{\ln 3}^{\ln 8} \\ &= \frac{2}{3} \left[ (1+e^{\ln 8})^{\frac{3}{2}} - (1+e^{\ln 3})^{\frac{3}{2}} \right] \\ &= \frac{2}{3} \left[ (1+8)^{\frac{3}{2}} - (1+3)^{\frac{3}{2}} \right] \\ &= \frac{2}{3} \left[ (9)^{\frac{3}{2}} - (4)^{\frac{3}{2}} \right] && = \frac{2}{3} [27 - 8] = \frac{2}{3} (19) = \frac{38}{3} \end{aligned}$$

\* Má dhéantar ionadú mícheart agus mura bhfuiltear ábalta críochnú, tuillfear iarracht ar a mhéad

*Botúin (-3)*

- B1 Foirmle thriantánachta
- B2 Suimeáil
- B3 Difreáil
- B4 Teorainneacha
- B5 Ord mícheart le linn teorainneacha a chur i bhfeidhm
- B6 Gan ríomh déanta ar theorainneacha ionadaithe
- B7 Gan teorainneacha a athrú
- B8 Séana
- B9 Logartaim
- B10  $e^{\ln a} \neq a$

*Sciorrthaí (-1)*

- S1 Uimhriúil
- S2 Luach triantánachta
- S3 Gan slacht a bheith curtha ar an bhfreagra

*Gan fiúntas*

- W1 Difreáil in ionad suimeála ach amháin i gcás ina dtuilleann obair eile iarrachtaí

Cuid (c)

20 (5, 5, 5, 5) marc

Iarr (2, 2, 2, 2)

- (c) Bain úsáid as modhanna suimeála chun an fhoirmle chaighdeánach do thoirt cóin a bhunú.

Léaráid + fána

5 mharc

Iarr 2

Ionadú ceart isteach i bhfoirmle thoirte 5 mharc

Iarr 2

Suimeáil

5 mharc

Iarr 2

Toirt

5 mharc

Iarr 2


8 (c)

$$y = mx \Rightarrow y = \frac{r}{h}x.$$

Toirt an chóin =  $\pi \int_0^h y^2 dx$ , áit a bhfuil  $y = \frac{r}{h}x$ .

$$V = \pi \int_0^h \frac{r^2}{h^2} x^2 dx = \frac{1}{3} \pi \frac{r^2}{h^2} [x^3]_0^h = \frac{1}{3} \pi \frac{r^2}{h^2} h^3$$

$$V = \frac{1}{3} \pi r^2 h.$$



Botúin (-3)

- B1 Suimeáil  
B2 Fána na líne  
B3 Cothromóid na líne  
B4 Foirmle na toirte a fhad is gur cothromóid chearnach í  
B5 Teorainneacha  
B6 Níl aon teorainneacha ann  
B7 Ord mícheart le linn teorainneacha a chur i bhfeidhm  
B8 Séana

Sciorrháí (-1)

- S1 Uimhriúil

Iarrachtaí

- A1 Úsáidtear  $v = \pi y$

Gan fiúntas

- W1 Difreáil in ionad suimeála



Coimisiún na Scrúduithe Stáit  
State Examinations Commission

**AN ARDTEISTIMÉIREACHT, 2009**

**AISTRIÚCHÁN  
AR SCÉIM MHARCÁLA**

**MATAMAITIC - PÁIPÉAR 2**

**ARDLEIBHÉAL**



## TREOIRLÍNTE GINEARÁLTA DO SCRÚDAITHEOIRÍ – PÁIPÉAR 2

1. Cuirtear trí chineál pionóis i bhfeidhm ar obair iarrthóirí mar a leanas:
  - Botúin - earráidí matamaiticiúla/ábhar fágtha ar lár (-3)
  - Sciorrhaí - earráidí uimhriúla (-1)
  - Míléamh - (ar choinníoll nach ndéantar róshimplíú ar an tasc) (-1).

Na hearráidí a tharlaíonn go minic agus nach mór na pionóis seo a chur i bhfeidhm orthu, tá siad liostaithe sa scéim. Seo a leanas na lipéid atá orthu: B1, B2, B3,..., S1, S2,..., M1, M2,...etc. Ní liostaí iomlána iad seo.

2. Le linn marcanna a thabhairt i leith iarrachtaí e.g. Iarr 3, tabhair an méid seo a leanas do d'aire:
  - aon chéim *cheart, ábhartha* i gcuid de cheist, tuilleann an chéim sin, ar a laghad, an marc i leith na hiarrachta atá ag gabháil leis an gcuid sin
  - más rud é go bhfágann asbhaintí go bhfuil marc áirithe níos ísele ná an marc i leith iarrachta, ansin ní mór an marc i leith iarrachta a thabhairt
  - ní thugtar marc idir nialas agus an marc i leith iarrachta riamh.
3. Tugtar nialas d'obair gan fiúntas. Tá roinnt samplaí d'obair den sórt sin liostaithe sa scéim agus na lipéid W1, W2, .. etc. orthu.
4. Ciallaíonn an frása “aimsíú nó iomrall” nach dtugtar marcanna páirteacha – faigheann an tiarrthóir na marcanna ábhartha go léir nó ní fhraigheann sé/sí marcanna ar bith.
5. Ciallaíonn an frása “agus stopann sé/sí” nach léiríonn an t-iarrthóir aon obair fhiúntach eile.
6. Is ionann réiltín agus a rá go bhfuil nótaí speisialta ann a bhaineann le marcáil cuid áirithe de cheist. Tá na nótaí sin le fáil díreach i ndiaidh an bhosca ina bhfuil an réiteach ábhartha.
7. Níl sé i gceist gur liostaí iomlána atá sna réitigh shamplacha ar gach ceist ar leith – d’fhéadfadh sé tarlú go bhfuil réitigh chearta eile ann. Aon scrúdaitheoir atá eiginnte faoi bhailíocht an chur chuige a ghlacann aon iarrthóir ar leith i gcás aon cheiste, ba chóir dó/di teagmháil a dhéanamh lena scrúdaitheoir comhairleach.
8. Mura rud é go léirítéar a mhalaire sa scéim, glac leis an gceann is fearr de dhá iarracht nó níos mó – fiú amháin i gcás iarrachtaí a cealaíodh.
9. Ní ghearrtar pionós ar an earráid *chéanna* sa chuid *chéanna* de cheist ach *aon uair amháin*.
10. Marcanna i leith iarrachta ar a mhéad is ceart a thabhairt i gcásanna áirithe, fioruithe agus freagraí a thig ó léaráidí (ach amháin más sin an rud a iarradh).
11. Tugtar an marc i leith iarrachta, ar a mhéad, i gcás botún, ábhar ar lár nó míléamh a bheadh tromchúiseach.
12. Ná gearr pionós as camóg a úsáid in ionad lánstad e.g. is féidir €5,50 a scríobh in ionad €5.50.

# CEIST 1

<b>Cuid (a)</b>	<b>10 (5, 5) marc</b>	<b>Iarr 2,2</b>
<b>Cuid (b)</b>	<b>20 (10, 10) marc</b>	<b>Iarr (3, 3)</b>
<b>Cuid (c)</b>	<b>20 (10, 5, 5) marc</b>	<b>Iarr (3, 2, 2)</b>

<b>Cuid (a)</b>	<b>10 (5,5) marc</b>	<b>Iarr 2,2</b>
-----------------	----------------------	-----------------

1(a) Taispeáin, le haghaidh gach luach ar  $t \in \mathbf{R}$ , go luíonn an pointe  $\left(\frac{2t}{1+t^2}, \frac{1-t^2}{1+t^2}\right)$  ar an gciorcal  $x^2 + y^2 = 1$ .

<b>Cuid (a) Ionadú Críoch</b>	<b>5 mharc</b>	<b>Iarr 2</b>
<b>1(a)</b>	<b>5 mharc</b>	<b>Iarr 2</b>

$$x^2 + y^2 = \frac{4t^2}{(1+t^2)^2} + \frac{(1-t^2)^2}{(1+t^2)^2} = \frac{4t^2 + 1 - 2t^2 + t^4}{(1+t^2)^2} = \frac{1 + 2t^2 + t^4}{(1+t^2)^2} = \frac{(1+t^2)^2}{(1+t^2)^2} = 1.$$

*Botúin (-3)*

- B1 Cearnú mícheart (cuir i bhfeidhm uair amháin más é an cineál céanna earráide atá ann)  
 B2 Fachtóirí míchearta  
 B3 Conclúid mhícheart

*Sciorrthaí (-1)*

- S1 Earráid uimhríochtúil

*Iarrachtaí (2,2 mharc)*

- A1 Roinnt ionadú ceart le haghaidh  $x$  nó  $y$   
 A2 Iarracht ar  $t^2$  a shloinneadh i dtéarmaí  $y$

<b>Cuid (b)</b>	<b>20 (10, 10) marc</b>	<b>Iarr (3, 3)</b>
-----------------	-------------------------	--------------------

(b) (i) Faigh cothromóid an tadhlaí leis an gciorcal  $x^2 + y^2 = 10$  ag an bpointe (3,1).  
 (ii) Faigh na luachanna ar  $k \in \mathbf{R}$  ar fior ina leith gur tadhlaí leis an gciorcal  $(x - 3)^2 + (y + 4)^2 = 50$  í an líne  $x - y + k = 0$ .

<b>Cuid (b) (i)</b>	<b>10 marc</b>	<b>Iarr 3</b>
---------------------	----------------	---------------

1 (b) (i) Cothromóid an tadhlaí:  $xx_1 + yy_1 = r^2 \Rightarrow 3x + y = 10$ .  
 nónó  
 Lár an chiorcail (0,0)  $\Rightarrow$  Trastomhas an fhána =  $\frac{1}{3} \Rightarrow$  Tadhlaí an fhána = -3  
 Cothromóid an tadhlaí:  $y - 1 = -3(x - 3)$

*Botúin (-3)*

- B1 Earráid i bhfoirmle na fána  
 B2 Níl fána an tadhlaí ingearach leis an trastomhas  
 B3 Earráid i gcothromóid fhoirmle na líne  
 B4 Earráid i gcothromóid fhoirmle an tadhlaí  
 B5 Lárphointe mícheart don chiorcal

*Sciorrháí (-1)*

- S1 Earráid uimhríochtúil

*Iarrachtaí (3 mharc)*

- A1 Cothromóid fhoirmle an tadhlaí  
 A2 Níl ann ach fána an trastomhais  
 A3 Cothromóid na líne mar aon le roinnt ionadú

Cuid (b) (ii)	10 marc	Iarr 3
1 (b) (ii)	<p>Lárphointe <math>(3, -4)</math> agus ga <math>= \sqrt{50} = 5\sqrt{2}</math>.      Ós rud é gur tadhlaí atá ann, tá an fad ingearach ón lár <math>(3, -4)</math> go dtí <math>x - y + k = 0</math> comhionann leis an nga.</p> $\therefore \left  \frac{3+4+k}{\sqrt{2}} \right  = 5\sqrt{2} \Rightarrow  7+k =10 \Rightarrow 7+k=\pm 10. \therefore k=3 \text{ nó } k=-17.$	

NÓ

Cuid (b) (ii)	10 marc	Iarr 3
$y = x + k$ $(x-3)^2 + ((x+k)+4)^2 = 50$ $2x^2 + (2+2k)x + (8k+25) = 0$ $\text{Aon phointe teagmhála} \Rightarrow (2+2k)^2 - 4.2(k^2 + 8k + 25) = 0$ $\Rightarrow k^2 + 14k - 51 = 0$ $\Rightarrow (k-3)(k+17) = 0$ $\Rightarrow k = 3, k = -17$		

*Botúin (-3)*

- B1 Lár mícheart don chiorcal  
 B2 Earráid i bhfoirmle an fhaid ingearaigh  
 B3 Ga mícheart  
 B4 Ní thugtar ach luach amháin do  $k$   
 B5 Cearnú mícheart  
 B6 Earráidí sna fachtóirí

*Sciorrháí (-1)*

- S1 Earráid uimhríochtúil

*Iarrachtaí (3 mharc)*

- A1 Lárphointe ceart nó ga ceart  
 A2 Roinnt ionadú ceart isteach san fhoirmle ingearach  
 A3 Roinnt ionadú ceart ar  $y = x + k$  nó a chomhionann isteach sa chiorcal

**Cuid (c)****20 (10, 5, 5) marc****Iarr (3,2,2)**

- (c) Trasnaíonn dhá chiorcal a chéile ag  $p(2, 0)$  agus ag  $q(-2, 8)$ . Is é 20 an fad ó lárphointe gach ciorcail acu go dtí an corda comóntha [pq].  
Faigh cothromóidí an dá chiorcal.

**Cuid (c) An chéad chothromóid in  $f$  agus g  
Cothromóid in aon athróg amháin  
Críoch**

**10 marc  
5 mharc  
5 mharc**

**Iarr 3  
Iarr 2  
Iarr 2**

1 (c)

$$\text{Fána } pq = \frac{8-0}{-2-2} = -2 \Rightarrow \text{fána } st = \frac{1}{2}.$$

$$\therefore \frac{4+f}{0+g} = \frac{1}{2} \Rightarrow g = 2f + 8.$$

$$|st|^2 = 20 \Rightarrow (0+g)^2 + (4+f)^2 = 20 \Rightarrow g^2 + f^2 + 8f = 4 \\ \Rightarrow (2f+8)^2 + f^2 + 8f = 4 \Rightarrow 5f^2 + 40f + 60 = 0.$$


$$\therefore f^2 + 8f + 12 = 0 \Rightarrow (f+2)(f+6) = 0.$$

$$f = -2 \Rightarrow g = 4 \text{ or } f = -6 \Rightarrow g = -4.$$

$\therefore$  Is iad na lárphointí  $(-4, 2)$  agus  $(4, 6)$ ,  $r = \sqrt{40}$ .

Is iad na ciorcail:  $(x+4)^2 + (y-2)^2 = 40$  agus  $(x-4)^2 + (y-6)^2 = 40$ .

nó  $x^2 + y^2 + 8x - 4y - 20 = 0$  agus  $x^2 + y^2 - 8x - 12y + 12 = 0$



## NÓ

**Cuid (c) An chéad chothromóid in  $f$  agus g  
Cothromóid in aon athróg amháin  
Críoch**

**10 marc  
5 mharc  
5 mharc**

**Iarr 3  
Iarr 2  
Iarr 2**

$$\text{Fána } pq = \frac{0-8}{2-2} = -2$$

$$\text{Cothromóid } pq: \quad y = -2(x-2) \text{ nór } 2x + y - 4 = 0$$

$$\text{Fad ingearach } (-g, -f) \text{ go } pq: \quad \left| \frac{-2g - f - 4}{\sqrt{5}} \right| = \sqrt{20}$$

$$\Rightarrow -2g - f - 4 = \pm 10 \Rightarrow 2g + f + 14 = 0 \text{ agus } 2g + f - 6 = 0$$

$$\text{Is é } s \text{ lárphointe } pq(0, 4) \Rightarrow (0+g)^2 + (4+f)^2 = 20$$

$$\text{Réiteach idir } g^2 + (4+f)^2 = 20 \text{ agus } 2g + f - 6 = 0 \quad g = 4 \text{ agus } f = -2$$

$$\text{Réiteach idir } g^2 + (4+f)^2 = 20 \text{ agus } 2g + f + 14 = 0 \quad g = -4 \text{ agus } f = -6$$

$$\text{Cothromóid 1: } x^2 + y^2 + 8x - 4y + c = 0$$

$$(2, 0) \text{ ar an gciorcal} \Rightarrow c = -20 \Rightarrow x^2 + y^2 + 8x - 4y - 20 = 0$$

$$\text{Cothromóid 2: An modh céanna} \Rightarrow x^2 + y^2 - 8x - 12y + 12 = 0$$

# NÓ

<b>Cuid (c) An chéad chothromóid in <math>f</math> agus g Cothromóid in aon athróg amháin Críoch</b>	<b>10 marc</b> <b>5 mharc</b> <b>5 mharc</b>	<b>Iarr 3</b> <b>Iarr 2</b> <b>Iarr 2</b>
--	--	---

1 (c)

$$(2,0) \in \text{Ciorcal} \Rightarrow 2^2 + 0 + 2g(2) + 2f(o) + c = 0$$

$$\Rightarrow 4g + c = -4 \Rightarrow c = -4g - 4$$

$$(-2,8) \in \text{Ciorcal} \Rightarrow -4g + 16f + c + 68 = 0$$

$$\Rightarrow -4g + 16f - 4g - 4 + 68 = 0 \Rightarrow g = 2(f + 4)$$

$$s(\text{lárphointe}) = (0,4)$$

$$Ach\sqrt{g^2 + (4+f)^2} = \sqrt{20} \Rightarrow g^2 + (4+f)^2 = 20$$

$$\Rightarrow (2(f+4))^2 + (4+f)^2 = 20 \Rightarrow 5(f+4)^2 = 20$$

$$\Rightarrow (f+4)^2 = 4 \Rightarrow f+4 = \pm 2 \Rightarrow f = -6 \text{ agus } -2$$


$$f = -6 \Rightarrow g = -4 \Rightarrow c = 12$$

$$f = -2 \Rightarrow g = 4 \Rightarrow c = -20$$

*Ciorcail*

$$x^2 + y^2 + 8x - 4y - 20 = 0$$

$$x^2 + y^2 - 8x - 12y + 12 = 0$$



# NÓ

<b>Cuid (c) An chéad chothromóid in <math>f</math> agus g</b>	<b>10 marc</b>	<b>Iarr 3</b>
<b>Cothromóid in aon athróg amháin</b>	<b>5 mharc</b>	<b>Iarr 2</b>
<b>Críoch</b>	<b>5 mharc</b>	<b>Iarr 2</b>

$ pq  = \sqrt{(2+2)^2 + (0-8)^2} = \sqrt{80} \Rightarrow  ps  = \sqrt{20}$ $ pt ^2 = 20 + 20 = 40 \Rightarrow  pt  = \sqrt{40}$ $\therefore p(2,0)$ mar lárphointe ciorcail ag a bhfuil ga $\sqrt{40}$ $\Rightarrow (x-2)^2 + y^2 = 40$ Ach $(-g, -f)$ ar chiorcal $\Rightarrow (-g-2)^2 + (0+f)^2 = 40$ is córda é st.
Fána $pq = \frac{8-2}{-2-2} = -2 \Rightarrow$ fána $st = \frac{1}{2}$ $\Rightarrow \frac{4+f}{0+g} = \frac{1}{2} \Rightarrow g = 2f + 8$ $\therefore (-2f-8-2)^2 + f^2 = 40$ $\Rightarrow 5f^2 + 40f + 60 = 0 \Rightarrow f^2 + 8f + 12 = 0$ $\Rightarrow (f+6)(f+2) = 0 \Rightarrow f = -2$ agus $f = -6$ $f = -6 \Rightarrow g = -4 \Rightarrow c = 12$ $f = -2 \Rightarrow g = 4 \Rightarrow c = -20$ Ciorcail $x^2 + y^2 + 8x - 4y - 20 = 0$ $x^2 + y^2 - 8x - 12y + 12 = 0$

### Botúin (-3)

- B1 Earráid i bhfoirmle an achair
- B2 Earráid i bhfoirmle an lárphointe
- B3 Earráid i bhfoirmle an fhaid ingearaigh
- B4 Feidhmiú mícheart fhoirmle Phíotagaráis
- B5 Earráid i bhfoirmle na fána
- B6 Earráid maidir le cearnú
- B7 Earráidí sna fachtóirí
- B8 Níl ann ach cothromóid le haghaidh aon chiorcail amháin

### Sciorrháí (-1)

- S1 Earráid uimhríochtúil

### Iarrachtaí (3,2,2 mharc)

- A1 Lárphointe nó fána  $pq$
- A2  $c$  arna shloinneadh i dtéarmaí  $g$
- A3 Níl ann ach ga

## CEIST 2

<b>Cuid (a)</b>	<b>10 (5, 5) marc</b>	<b>Iarr (2, 2)</b>
<b>Cuid (b)</b>	<b>20 (10, 10) marc</b>	<b>Iarr (3, 3)</b>
<b>Cuid (c)</b>	<b>20 (10, 10) marc</b>	<b>Iarr (3, 3)</b>

<b>Cuid (a)</b>	<b>10 (5, 5) marc</b>	<b>Iarr (2, 2)</b>
-----------------	-----------------------	--------------------

**2(a)**

(a) Má tá  $\vec{a} = 2\vec{i} + \vec{j}$ ,  $\vec{b} = -\vec{i} + 5\vec{j}$ , faigh an t-aonadveicteoir sa treo  $\vec{ab}$ .

<b>Cuid (a)</b>	$\vec{ab}$ .	<b>5 mharc</b>	<b>Iarr 2</b>
	<b>Críoch</b>	<b>5 mharc</b>	<b>Iarr 2</b>

**2(a)**

$$\vec{ab} = \vec{b} - \vec{a} = -\vec{i} + 5\vec{j} - 2\vec{i} - \vec{j} = -3\vec{i} + 4\vec{j}.$$

$$|\vec{ab}| = |-3\vec{i} + 4\vec{j}| = \sqrt{9 + 16} = 5.$$

$$\text{Aonadveicteoir} = \frac{\vec{ab}}{|\vec{ab}|} = \frac{-3\vec{i} + 4\vec{j}}{5} = -\frac{3}{5}\vec{i} + \frac{4}{5}\vec{j}.$$

*Botúin (-3)*

- B1 Earráid in  $\vec{ab} = \vec{b} - \vec{a}$
- B2 Earráid san fhoirmle le haghaidh norm veicteora
- B3 Freagra arna shloinneadh san fhoirm cheart

*Sciorrháí (-1)*

- S1 Earráid uimhríochtúil

*Iarrachtaí (2,2 mharc)*

- A1 Foirmle an norm mar aon le roinnt ionadú
- A2  $\vec{ab} = \vec{b} - \vec{a}$  agus stopann

<b>Cuid (b)</b>	<b>20 (10, 10) marc</b>	<b>Iarr (3, 3)</b>
-----------------	-------------------------	--------------------

(b) Sa triantán  $abc$ , pointe ar an slios  $[bc]$  is ea  $p$ .

Lúíonn an pointe  $q$  lasmuigh den triantán sa chaoi go bhfuil  $\vec{pq} = \vec{pb} + \vec{pc} - \vec{pa}$ .

(i) Sloinn  $\vec{q}$  i dtéarmaí  $\vec{a}$ ,  $\vec{b}$  agus  $\vec{c}$ .

(ii) Uайдh sin, taispeáin gur comhthreomharán é  $abqc$ .

**(b) (i)****10 marc****Iarr 3****2 (b) (i)**

$$\begin{aligned} \vec{pq} &= \vec{pb} + \vec{pc} - \vec{pa} \Rightarrow \vec{q} - \vec{p} = \vec{b} - \vec{p} + \vec{c} - \vec{p} - \vec{a} + \vec{p}. \\ \therefore \vec{q} &= \vec{b} + \vec{c} - \vec{a}. \end{aligned}$$

*Botúin (-3)*B1  $\vec{pq}$  nó a choibhéis arna shloinneadh go mícheart*Sciorrháí (-1)*

S1 Earráid uimhríochtúil

*Iarrachtaí (3 mharc)*A1  $\vec{pq}$  nó a choibhéis arna shloinneadh i gceart**(b) (ii)****10 marc****Iarr 3****2 (b) (ii)**

De réir chuid (i):  $\vec{q} = \vec{b} + \vec{c} - \vec{a} \Rightarrow \vec{q} - \vec{b} = \vec{c} - \vec{a} \Rightarrow \vec{bq} = \vec{ac}$ .  
 $\therefore$  is comhthreomharán é  $abqc$ .

*Botúin (-3)*B1  $\vec{c} - \vec{a} \neq \vec{ac}$ B2  $\vec{q} - \vec{b} \neq \vec{bq}$ 

B3 Gan aon chonclúid nó conclúid mhícheart

*Sciorrháí (-1)*

S1 Earráid uimhríochtúil

*Iarrachtaí (3 mharc)*A1  $\vec{q} - \vec{b} = \vec{c} - \vec{a}$ **Cuid (c)****20 (10, 10) marc****Iarr (3, 3)**

**(c) (i)** Tá  $\vec{p} = 12\vec{i} + 5\vec{j}$  agus  $\vec{q} = 3\vec{i} + 4\vec{j}$ .  
Faigh luach an scálaigh  $k$  ar fior ina leith

$$k \left| \vec{p} - \vec{q} \right| = \left| \vec{p} \right| - \left| \vec{q} \right|.$$

**(ii)** Cruthaigh i gcás gach veicteoir  $\vec{r}$  agus  $\vec{s}$  go bhfuil

$$\left( \vec{r} - \vec{s} \right)^\perp = \vec{r}^\perp - \vec{s}^\perp.$$

**Cuid (c) (i)****10 marc****Iarr 3****2 (c) (i)**

$$k \left| \vec{p}^\perp - \vec{q} \right| = \left| \vec{p}^\perp \right| - \left| \vec{q} \right| \Rightarrow k \left| -5\vec{i} + 12\vec{j} - 3\vec{i} - 4\vec{j} \right| = \left| -5\vec{i} + 12\vec{j} \right| - \left| 3\vec{i} + 4\vec{j} \right|. \\ \therefore k \left| -8\vec{i} + 8\vec{j} \right| = 13 - 5 \Rightarrow \sqrt{128}k = 8 \Rightarrow 8\sqrt{2}k = 8 \Rightarrow k = \frac{1}{\sqrt{2}} \Rightarrow k = \frac{\sqrt{2}}{2}.$$

*Botúin (-3)*

- B1       $\vec{p}^\perp$  mícheart  
 B2      Earráid san fhoirmle le haghaidh norm veicteora  
 B3      Níl  $k$  i bhfoirm surda

*Sciorrháí (-1)*

- S1      Earráid uimhríochtúil

*Iarrachtaí (3 mharc)*

- A1      Norm  $q$   
 A2       $\vec{p}^\perp$  amháin

**Cuid (c) (ii)****10 marc****Iarr 3**

$$2 (c) (ii) \quad \text{Bíodh } \vec{r} = a\vec{i} + b\vec{j} \text{ agus } \vec{s} = c\vec{i} + d\vec{j}. \quad \therefore \vec{r} - \vec{s} = (a - c)\vec{i} + (b - d)\vec{j}. \\ \left( \vec{r} - \vec{s} \right)^\perp = -(b - d)\vec{i} + (a - c)\vec{j} \\ \vec{r}^\perp - \vec{s}^\perp = -b\vec{i} + a\vec{j} - \left( -d\vec{i} + c\vec{j} \right) = -(b - d)\vec{i} + (a - c)\vec{j} = \left( \vec{r} - \vec{s} \right)^\perp.$$

*Botúin (-3)*

- B1       $\vec{r}^\perp$  mícheart  
 B2      Gan aon chonclúid nó conclúid mhícheart

*Sciorrháí (-1)*

- S1      Earráid uimhríochtúil

*Iarrachtaí (3 mharc)*

- A1      Ingear gaolmhar amháin ceart  
 A2       $\vec{r} - \vec{s}$  arna shloinneadh i dtéarmaí  $\vec{i}$  agus  $\vec{j}$   
 A3      Luachanna uimhriúla le haghaidh  $\vec{r}$  agus  $\vec{s}$  oibrithe go hiomlán ‘í gceart’

### CEIST 3

<b>Cuid (a)</b>	<b>10 marc</b>	<b>Iarr 3</b>
<b>Cuid (b)</b>	<b>20 (10, 10) marc</b>	<b>Iarr (3, 3)</b>
<b>Cuid (c)</b>	<b>20 (5, 5, 5, 5) marc</b>	<b>Iarr (2, 2, 2, 2)</b>

<b>Cuid (a)</b>	<b>10 marc</b>	<b>Iarr 3</b>
-----------------	----------------	---------------

<b>3(a)</b>	Faigh cothromóid na líne tríd an bpointe $(1, 0)$ a ghabhann freisin trí phointe trasnaithe na línte $2x - y + 6 = 0$ agus $10x + 3y - 2 = 0$ .
-------------	---

<b>Cuid (a)</b>	<b>10 marc</b>	<b>Iarr 3</b>
-----------------	----------------	---------------

<b>3(a)</b>	$6x - 3y + 18 = 0$ $10x + 3y - 2 = 0$ $\underline{16x + 16 = 0} \quad \Rightarrow \quad x = -1 \text{ agus } y = 4.$ $(1, 0) \text{ agus } (-1, 4) \Rightarrow m = \frac{0 - 4}{1 + 1} = -2.$ $\therefore \text{ Cothromóid na líne : } y - 0 = -2(x - 1) \Rightarrow 2x + y - 2 = 0.$
-------------	--

*Botúin (-3)*

- B1 Earráid i bhfoirmle na fána  
 B2 Earráid i gcothromóid fhoirmle na líne

*Sciorrhái (-1)*

- S1 Earráid uimhríochtúil

*Iarrachtaí (3 mharc)*

- A1 Comhordanáid amháin de chuid an phointe trasnaithe  
 A2  $2x - y + 6 + \lambda(10x + 3y - 2) = 0$

<b>Cuid (b)</b>	<b>20 (10, 10) marc</b>	<b>Iarr (3, 3)</b>
-----------------	-------------------------	--------------------

- (b) (i)** Cruthaigh go dtugtar tomhas ceann amháin de na huillinneacha idir dhá líne ar fánaí dóibh  $m_1$  agus  $m_2$  mar

$$\tan \theta = \frac{m_1 - m_2}{1 + m_1 m_2}.$$

- (ii)** Faigh cothromóidí an dá líne a ghabhann tríd an bpointe  $(6, 1)$  agus a dhéanann uillinn  $45^\circ$  leis an líne  $x + 2y = 0$ .

## 3 (b) (i)

Fána  $L_1 = m_1$  agus fána  $L_2 = m_2$ .

Bíodh  $\theta_1$  agus  $\theta_2$  mar uillinnneacha arna ndéanamh ag  $L_1$  agus  $L_2$  faoi seach le treo dearfach an  $x$ -ais.


Ansin  $\tan \theta_1 = m_1$  agus  $\tan \theta_2 = m_2$

Cás 1: ( $\theta_1 > \theta_2$ )

$$\theta_1 = \theta + \theta_2 \Rightarrow \theta = \theta_1 - \theta_2.$$

$$\tan \theta = \tan(\theta_1 - \theta_2) = \frac{\tan \theta_1 - \tan \theta_2}{1 + \tan \theta_1 \tan \theta_2}$$


$$\therefore \tan \theta = \frac{m_1 - m_2}{1 + m_1 m_2}.$$

Cás 2: ( $\theta_1 < \theta_2$ )

$$\theta_2 = \theta' + \theta_1 \Rightarrow \theta' = -(\theta_1 - \theta_2)$$

$$\begin{aligned} \tan \theta' &= -\tan(\theta_1 - \theta_2) = \frac{\tan \theta_1 - \tan \theta_2}{1 + \tan \theta_1 \tan \theta_2} \\ &= -\frac{m_1 - m_2}{1 + m_1 m_2}. \end{aligned}$$

Sa chás seo, is atá san uillinn eile idir na línte ná  $\theta = 180^\circ - \theta'$ , rud a thugann  $\tan \theta = -\tan \theta'$ .



\* Cás amháin le glacadh le haghaidh marcanna ionlána

## Botúin (-3)

B1 Earráid maidir le  $\theta$  a shloinneadh i dtéarmaí  $\theta$  agus  $\theta_1$

B2 Earráid maidir le forbairt  $\tan(\theta_1 - \theta_2)$

## Sciorrháí (-1)

S1 Earráid uimhríochtúil

## Iarrachtaí (3 mharc)

A1  $\theta_1 = \theta + \theta_2$  agus stopann

## 3 (b) (ii)

Maidir le  $x + 2y = 0$  tá an fhána atá aige comhionann le  $-\frac{1}{2}$ .

$$\tan 45^\circ = \pm \frac{m_1 - m_2}{1 + m_1 m_2}, \text{ áit a bhfuil } m_2 = -\frac{1}{2}.$$

$$\therefore 1 = \pm \frac{\frac{m_1}{2} + \frac{1}{2}}{1 - \frac{1}{2}m_1} \Rightarrow 2 - m_1 = \pm(2m_1 + 1)$$

$$2 - m_1 = 2m_1 + 1 \Rightarrow m_1 = \frac{1}{3} \quad \text{or} \quad 2 - m_1 = -2m_1 - 1 \Rightarrow m_1 = -3.$$

$$y - 1 = \frac{1}{3}(x - 6) \quad \text{agus} \quad y - 1 = -3(x - 6)$$

$$x - 3y = 3 \quad \text{agus} \quad 3x + y = 19.$$

## Botúin (-3)

- B1 Earráid san fhána
- B2 Toradh na bhfánaí  $\neq -1$
- B3 Níl ann ach cothromóid amháin

## Sciorrháí (-1)

- S1 Earráid uimhríochtúil

## Iarrachtaí (3 mharc)

- A1 Fána  $x + 2y = 0$
- A2  $\tan 45^\circ = 1$

**Cuid (c)****20 (5, 5, 5, 5) marc****Iarr (2, 2, 2, 2)**

(c) Is é  $f$  an claochlú  $(x, y) \rightarrow (x', y')$ , áit a bhfuil  $x' = -x + 2y$  agus  $y' = 2x - y$ .

(i) Is é  $L$  an líne  $ax + by + c = 0$ . Cruthaigh gur líne í  $f(L)$ .

(ii) Is í an líne  $y = mx$  a híomhá féin faoi  $f$ .

Faigh an dá luach a d'fhéadfadh a bheith ar  $m$ .

(c) (i)  **$x$  agus  $y$  i dtéarmaí  $x'$  agus  $y'$**

**5 mharc**

**Iarr 2**

**Ionadú**

**5 mharc**

**Iarr 2**

**Críoch**

**5 mharc**

**Iarr 2**

**3 (c) (i)**

$$x' = -x + 2y$$

$$2y' = 4x - 2y$$

$$\underline{x' + 2y' = 3x} \Leftrightarrow x = \frac{1}{3}(x' + 2y')$$

$$y = 2x - y' \Rightarrow y = \frac{2}{3}(x' + 2y') - y' \Rightarrow y = \frac{1}{3}(2x' + y')$$

(Is feidhm í an coibhneas inbhéartach agus, dá bhrí sin, is léir gurb é atá in  $f$  ná feidhm dhétheilgeach,  $\Pi_0 \rightarrow \Pi_0$ .)

Is ionann tacar  $f(L)$  agus tacar na bpointí iomlána  $(x', y')$  ar fior ina leith  $(x, y) \in L$ .

$$ax + by + c = 0$$

$$\Leftrightarrow \frac{a}{3}(x' + 2y') + \frac{b}{3}(2x' + y') + c = 0$$

$$\Leftrightarrow (a + 2b)x' + (2a + b)y' + 3c = 0.$$

$\therefore f(L)$  is líne é, (ó tharla gurb é atá ann ná tacar na bpointí iomlána a shásáíonn cothromóid na foirme  $px + qy + r = 0$ ).

## NÓ

(c) (i)  **$f$  a chur i bhfeidhm ar fhoirm veicteora**

**5 mharc**

**Iarr 2**

**Ionadú**

**5 mharc**

**Iarr 2**

**Críoch**

**5 mharc**

**Iarr 2**

Is é  $L$  an claochlú  $\{\vec{c} + t\vec{m} \mid t \in \mathbf{R}\}$ , áit a bhfuil  $\vec{c} = \begin{pmatrix} 0 \\ -c \\ b \end{pmatrix}$  agus  $\vec{m} = \begin{pmatrix} -b \\ a \end{pmatrix}$ .

$\therefore$  Is é  $f(L)$  an claochlú  $\{f(\vec{c} + t\vec{m}) \mid t \in \mathbf{R}\}$

$$= \{f(\vec{c}) + tf(\vec{m}) \mid t \in \mathbf{R}\},$$

ó tharla go bhfuil  $f$  líneach

Is líne é seo, ó tharla go bhfuil  $f(\vec{m}) \neq \vec{0}$ , (ó tharla go bhfuil  $\det(f) = -3 \neq 0$ , dá bhrí sin tá  $f$  in-inbhéartaithe).

*Botúin (-3)*

B1 Níl  $f(L)$  san fhoirm  $px + qy + r = 0$

*Sciorrhái (-1)*

S1 Earráid uimhríochtúil

*Iarrachtaí (2,2,2 mharc)*

A1 Iarracht ar  $x$  nó  $y$  arna shloinneadh i dtéarmaí  $x'$  agus  $y'$

(c) (ii)

5 mharc

Iarr 2

3 (c) (ii)

$$(1, m) \in y = mx \text{ agus } f(1, m) = (-1 + 2m, 2 - m), f(0, 0) = (0, 0).$$

$$\therefore \frac{m}{1} = \frac{2 - m}{-1 + 2m} \text{ mar go bhfuil fána na líne agus fána na líne iomhá comhionann.}$$

$$\therefore -m + 2m^2 = 2 - m \Rightarrow 2m^2 = 2 \Rightarrow m = \pm 1.$$

NÓ

(c) (ii)

5 mharc

Iarr 2

$$y = mx \Leftrightarrow mx - y + 0 = 0, \text{ dá bhrí sin } a = m, b = -1, c = 0.$$

Dá bhrí sin, de réir chuid (i), is é atá san íomhá ná  $(m - 2)x' + (2m - 1)y' + 0 = 0$

$$\text{Atheagraigh: } y' = \frac{-m + 2}{2m - 1} x'$$

$$\text{Is í seo an líne chéanna le } y = mx, \text{ dá bhrí sin } \frac{-m + 2}{2m - 1} = m.$$

$$\therefore -m + 2m^2 = 2 - m \Rightarrow 2m^2 = 2 \Rightarrow m = \pm 1.$$

Botúin (-3)

B1 Earráid in  $f(1, m)$  nó a chomhionann

B2 Ní thugtar ach luach amháin do  $m$

Sciorrháí (-1)

S1 Earráid uimhríochtúil

Iarrachtaí (2 mharc)

A1 Íomhá cheart d'aon phointe ar bith

A2 Cothromóid  $y = mx$  faoi  $f$

## CEIST 4

<b>Cuid (a)</b>	<b>10 marc</b>	<b>Iarr 3</b>
<b>Cuid (b)</b>	<b>20 (10, 10) marc</b>	<b>Iarr (5, 2)</b>
<b>Cuid (c)</b>	<b>20 (5, 5, 5, 5) marc</b>	<b>Iarr (3, 2, 2)</b>

<b>Cuid (a)</b>	<b>10 marc</b>	<b>Iarr 3</b>
Taispeáin go bhfuil $(\cos \theta + \sin \theta)^2 + (\cos \theta - \sin \theta)^2 = 2$		

<b>Cuid (a)</b>	<b>10 marc</b>	<b>Iarr 3</b>
<b>4(a)</b> $(\cos \theta + \sin \theta)^2 + (\cos \theta - \sin \theta)^2 = \cos^2 \theta + 2\cos \theta \sin \theta + \sin^2 \theta + \cos^2 \theta - 2\cos \theta \sin \theta + \sin^2 \theta = 2(\cos^2 \theta + \sin^2 \theta) = 2.$		

*Botúin (-3)*

- B1 Earráid maidir le cearnú
- B2  $\cos^2 \theta + \sin^2 \theta \neq 1$
- B3 Conclúid mhícheart

*Sciorrháí (-1)*

- S1 Earráid uimhríochtúil

*Iarrachtaí (3 mharc)*

- A1 Forbairt amháin ceart
- A2 Fíorú go hiomlán ceart

<b>Cuid (b)</b>	<b>20 (15, 5) marc</b>	<b>Iarr (5, 2)</b>
<p><b>(b)</b> Tá na sleasa ar thriantán áirithe 21, 17 agus 10 ar fad. Is é <math>A</math> an uillinn is lú sa triantán.</p> <p>(i) Taispeáin go bhfuil <math>\cos A = \frac{15}{17}</math>.</p> <p>(ii) Gan <math>A</math> a luacháil, faigh <math>\tan \frac{A}{2}</math>.</p>		

<b>(b) (i)</b>	<b>15 marc</b>	<b>Iarr 5</b>
<p><b>4 (b) (i)</b> Tá an uillinn is lú os comhair an taoibh is lú, dá bhrí sin glac leis go bhfuil <math>a = 10</math>.</p> $\cos A = \frac{b^2 + c^2 - a^2}{2bc}$ $\cos A = \frac{21^2 + 17^2 - 10^2}{2(21)(17)} = \frac{441 + 289 - 100}{714} = \frac{630}{714} = \frac{15}{17}.$		

*Botúin (-3)*

- B1 Earráid i bhfoirmle an Chomhshínis
- B2 Earráid san ionadú

*Sciorrháí (-1)*

- S1 Earráid uimhríochtúil

*Iarrachtaí (5 mharc)*

- A1 Roinnt luachanna ionadaithe isteach i bhfoirmle an Chomhshínis
- A2 Comhshíneas A arna shloinneadh i dtéarmaí sleasa triantáin

**(b) (ii)****5 marc****Iarr 2**

4 (b) (ii)

$$\cos A = \frac{15}{17} = \frac{1 - \tan^2\left(\frac{A}{2}\right)}{1 + \tan^2\left(\frac{A}{2}\right)} \Rightarrow 15 + 15\tan^2\left(\frac{A}{2}\right) = 17 - 17\tan^2\left(\frac{A}{2}\right).$$

$$\therefore 32\tan^2\left(\frac{A}{2}\right) = 2 \Rightarrow \tan^2\left(\frac{A}{2}\right) = \frac{1}{16} \Rightarrow \tan\frac{A}{2} = \frac{1}{4}, \text{ (dearfach, ó tharla go bhfuil } 0 < \frac{A}{2} < 90^\circ \text{).}$$

**NÓ****(b) (ii)****5 marc****Iarr 2**

4 (b) (ii)

$$\cos^2 A = \frac{1}{2}(1 + \cos 2A)$$

$$\cos^2 \frac{A}{2} = \frac{1}{2}(1 + \cos A)$$

$$= \frac{1}{2}\left(1 + \frac{15}{17}\right) = \frac{16}{17}$$

$$\cos \frac{A}{2} = \pm \frac{4}{\sqrt{17}}.$$

Ach  $0 < \frac{A}{2} < \frac{\pi}{2}$ , dá bhrí sin  $\cos \frac{A}{2} = \frac{4}{\sqrt{17}} = \frac{\text{adj}}{\text{hyp}}$  i dtriantán dronuilleach

$$(\sqrt{17})^2 = 4^2 + \text{opp}^2 \Rightarrow \text{opp} = 1$$

$$\Rightarrow \tan \frac{A}{2} = \frac{1}{4}$$

*Botúin (-3)*

B1 Earráid i bhfoirmle

B2  $\tan \frac{A}{2}$  diúltach*Sciorrháí (-1)*

S1 Earráid uimhríochtúil

*Iarrachtaí (2 mharc)*A1 Déantar  $\tan \frac{A}{2}$  a ionadú i gceart

Cuid (c)


20 (10, 5, 5) marc

Iarr (3, 2, 2)

- (c) Buaileann déroinnteoir  $\angle qpr$  le  $[qr]$  ag s.

$$|\angle qpr| = 2\theta, |pq| = x,$$

$$|pr| = y \text{ and } |ps| = k.$$



- (i) Faigh achar an triantáin  $pqs$  i dtéarmaí  $x, k$  agus  $\theta$ .

(ii) Taispeáin go bhfuil  $k = \frac{2xy \cos \theta}{x + y}$ .

(c) (i)

10 mharc

Iarr 3

4 (c) (i)

$$\text{Achar an triantáin } pqs = \frac{1}{2} xk \sin \theta.$$

Botúin (-3)

B1 Níl an t-achar san fhoirm riachtanach

B2  $\frac{1}{2}$  Fágtha ar láir san fhoirmle

Sciorrháí (-1)

S1 Earráid uimhríochtúil

Iarrachtaí (3 mharc)

A1 Achar =  $\frac{1}{2}$  Toradh dhá shlios x Síneas na huillinne a chuimsítear mar aon le roinnt ionadú

(c) (ii) Cothromóid a leagan amach

5 mharc

Críoch

5 mharc

Iarr 2

Iarr 2

4 (c) (ii)

Achar an triantáin  $pqr$  = achar an triantáin  $pqs$  + achar an triantáin  $psr$ .

$$\therefore \frac{1}{2} xy \sin 2\theta = \frac{1}{2} xk \sin \theta + \frac{1}{2} ky \sin \theta.$$

$$\Rightarrow 2xy \sin \theta \cos \theta = k \sin \theta(x + y) \Rightarrow k = \frac{2xy \cos \theta}{x + y}.$$

Botúin (-3)

B1 Forbairt mhícheart ar  $\sin 2\theta$

B2 Earráidí sna fachtóirí

B3 Níl  $k$  san fhoirm riachtanach

B4 Níl aon chonclúid ná aon chonclúid ann

Sciorrháí (-1)

S1 Earráid uimhríochtúil

Iarrachtaí (2, 2 mharc)

A1 Achar an triantáin  $pqr$

# CEIST 5

<b>Cuid (a)</b>	<b>10 marc</b>	<b>Iarr 3</b>
<b>Cuid (b)</b>	<b>20 (5, 5, 5) marc</b>	<b>Iarr (2, 2, 2)</b>
<b>Cuid (c)</b>	<b>20 (5, 5, 5) marc</b>	<b>Iarr (2, 2, 2)</b>

<b>Cuid (a)</b>	<b>10 marc</b>	<b>Iarr 3</b>
<b>5 (a)</b>	Faigh gach aon réiteach ar an gcothromóid $\cos^2 x - \cos x = 0$ , áit a bhfuil $0^\circ \leq x \leq 180^\circ$ .	

<b>5(a)</b>	$\cos^2 x - \cos x = 0 \Rightarrow \cos x(\cos x - 1) = 0$
	$\cos x = 0 \Rightarrow x = 90^\circ \quad \text{nó} \quad \cos x = 1 \Rightarrow x = 0^\circ$
	Is é an réiteach $\{0^\circ, 90^\circ\}$

*Botúin (-3)*

- B1 Fachtóirí míchearta
- B2 Gach luach atá mícheart
- B3 Gach luach a fhágtar ar lár nó gach luach breise

*Sciorrhái (-1)*

- S1 Earráid uimhríochtúil

*Iarrachtaí (3 mharc)*

- A1  $\cos x = 0$  nó  $\cos x - 1 = 0$

<b>Cuid (b)</b>	<b>20 (5, 5, 5, 5) marc</b>	<b>Iarr (2, 2, 2)</b>																
<b>(b)</b>	Is feidhm í $f : x \rightarrow \sin^{-1} x$ atá sainithe le haghaidh $-1 \leq x \leq 1$ .																	
<b>(i)</b>	Déan cóip den tábla thíos a léiríonn luachanna ar $f$ agus comhlánaigh é.																	
	<table border="1" style="margin-left: auto; margin-right: auto;"> <tr> <td><math>x</math></td> <td>-1</td> <td><math>-\frac{\sqrt{3}}{2}</math></td> <td><math>-\frac{1}{2}</math></td> <td>0</td> <td><math>\frac{1}{2}</math></td> <td><math>\frac{\sqrt{3}}{2}</math></td> <td>1</td> </tr> <tr> <td><math>f(x)</math></td> <td></td> <td></td> <td><math>-\frac{\pi}{6}</math></td> <td></td> <td></td> <td></td> <td></td> </tr> </table>	$x$	-1	$-\frac{\sqrt{3}}{2}$	$-\frac{1}{2}$	0	$\frac{1}{2}$	$\frac{\sqrt{3}}{2}$	1	$f(x)$			$-\frac{\pi}{6}$					
$x$	-1	$-\frac{\sqrt{3}}{2}$	$-\frac{1}{2}$	0	$\frac{1}{2}$	$\frac{\sqrt{3}}{2}$	1											
$f(x)$			$-\frac{\pi}{6}$															
<b>(ii)</b>	Tarraing graf $y = f(x)$ ar ghrafpháipéar, ag glacadh leis go bhfuil $\frac{\sqrt{3}}{2} \approx 0.87$ . Scálaigh an $y$ -ais i dtéarmaí $\pi$ .																	
<b>(iii)</b>	Luaigh cé acu fíor nó bréagach atá gach ceann de na ráitis a leanas agus bíodh fáth le do chuid freagraí. <b>A:</b> “Má tá $\sin x_1 = \sin x_2$ , ansin tá $x_1 = x_2$ ”. <b>B:</b> “Má tá $\sin^{-1} x_1 = \sin^{-1} x_2$ , ansin tá $x_1 = x_2$ ”.																	

**(b) (i)**

**5 mharc**

**Iarr 2**

**5 (b) (i)**

$x$	-1	$-\frac{\sqrt{3}}{2}$	$-\frac{1}{2}$	0	$\frac{1}{2}$	$\frac{\sqrt{3}}{2}$	1
$f(x)$	$-\frac{\pi}{2}$	$-\frac{\pi}{3}$	$-\frac{\pi}{6}$	0	$\frac{\pi}{6}$	$\frac{\pi}{3}$	$\frac{\pi}{2}$

*Sciorrháí (-1)*

S1 Gach ionráil mhícheart go huasmhéid 3

*Iarrachtaí (2 mharc)*


A1 Ionráil cheart amháin

**(b) (ii)**

**5 mharc**

**Iarr 2**

**5 (b) (ii)**



*Botúin (-3)*

B1  $x$ -ais scálaithe i dtéarmaí  $\pi$  (in ionad na  $y$ -aise)

B2 Earráid sna scálai

B3 Gan na pointí a cheangal

*Sciorrháí (-1)*

S1 Gach pointe a bhreactar go mícheart go huasmhéid 3

*Iarrachtaí (2 mharc)*

A1 Aiseanna agus cuid den scála ceart

A2 Pointe amháin léirithe i gceart

**(b) (iii) A**  
**B**

**5 mharc**  
**5 mharc**

**Iarr 2**  
**Iarr 2**

**5 (b) (ii)**

Tá A Bréagach:

Mar shampla, tá  $\sin 150^\circ = \sin 30^\circ$ , agus tá  $150^\circ \neq 30^\circ$   
nó

Is féidir le líne chothrománach gearradh trí ghraf  $y = \sin(x)$  níos mó ná uair amháin.

Tá B Fíor:

Ní féidir le líne chothrománach gearradh trí ghraf  $y = \sin^{-1} x$  níos mó ná uair amháin.

nó

Tá  $\sin^{-1}$  ceartmhéadaitheach ar a fhearrann féin

nó

Tá  $\sin^{-1}$  ina fheidhm dhétheilgeach

*Botúin (-3)*

B1 Freagra ceart gan aon fháth a thabhairt

B2 Freagra ceart, fáth mícheart

*Sciorrháí (-1)*


S1 Earráid uimhríochtúil

*Iarrachtaí (2, 2 mharc)*

A1  $\sin 150^\circ = \sin 30^\circ$  nó a chomhionann

**Cuid (c)****20 (5, 5, 5, 5) marc****Iarr (2, 2, 2, 2)**

